

## Ábhar an Taighde agus Ceist and Taighde

Dhírigh an taighde ar an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Tugann Curaclam Teanga na Bunscoile (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta [CNCM], 2019) sainmhíniú ar FCÁT mar bhealach éifeachtach chun níos mó deiseanna a thabhairt do na foghlaimeoirí chun an Ghaeilge a úsáid i bhfíorchomhthéacsanna. Tá FCÁT iomráiteach i gcúrsaí oideachais in Éirinn de réir Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (Rialtas na hÉireann, 2010). Mar gheall ar mo thaithí sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (scoileanna T2), bhí a fhios agam nach dtugaim deiseanna fiúntacha taobh amuigh den cheacht Gaeilge do na páistí chun an teanga a úsáid. Chun struchtúr a chur ar mo thaighde, dhírigh mé aird ar an gceist seo: **Conas pleanáil a dhéanamh le FCÁT a chur i bhfeidhm ag baint úsáide as an nGaeilge mar mheán chun Mata a theagasc do rang a ceathair i scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla?**

## Modheolaíocht

Ba é taighde gníomhaíochta an mhodheolaíocht a chuir mé i bhfeidhm don taighde seo. De réir McNiff (2002) tá taighde gníomhaíochta praiticiúil don chleachtóir chun anailís a dhéanamh ar a n-obair féin agus is próiseas forbartha é. Chuir mé cur chuige cáilíochtúil i bhfeidhm chun an taighde gníomhaíochta a chur i gcrích. Dar le The Alberta Teachers' Association (2000) is straitéis í an taighde gníomhaíochta chun fadhb nó rud suaithinseach a fhiosrú. Baineann ceithre chéim leis an bpróiseas ina n-áirítear: smaoineamh, pleanáil, gníomhú agus athbhreithniú. Rinne mé dianmhachnamh ag gach céim den taighde ag súil go mbeidh tionchar ag an taighde gníomhaíochta seo ar mo chleachtas féin i scoileanna T2. Ba é trí phlean ceachta leanúnacha FCÁT a bhailigh mé mar shonraí cáilíochtúla. Ina theannta sin, d'úsáid mé dialann taighdeora agus fráma anailíseach mar uirlisí taighde. D'ullmhaigh mé acmhainní chun tacú a thabhairt do na pleananna FCÁT agus d'úsáid mé an Curaclam Matamaitic (Rialtas na hÉireann, 1999) D'úsáid mé dathchódú agus giorrúcháin mar mhodh anailíse. Bhunaigh mé ceithre mhórhéama roimh an anailís mar gheall ar an eolas a d'eascair ón léirmheas litríochta faoin gcreat coincheapúil na 4C. Is éard is brí leis na 4C ná: ábhar, cognaíocht, cumarsáid agus cultúr (Coyle, 2007) Bhí freagracht mhorálta orm chun cúrsa eitice a dhéanamh mar thaighdeoir cé nach raibh rannpháirtithe eile páirteach sa taighde seo.

## Torthaí agus Plé

D'aimsigh mé gur pleanáil mé go cuí don Mhata ach go raibh fianaise ann gur shimpligh mé an t-ábhar in amanna. D'fhoghlaim mé go dteastaíonn áiseanna sa bhreis do phleananna ceachta FCÁT chun straitéisí scafaill a chur ar fáil chun an sprioctheanga a shealbhú. Léiríonn an sainfhoclóir agus na torthaí foghlama sna pleananna ceachta FCÁT an tábhacht a bhaineann le húsáid an Churaclaim Mhatamaitice (Rialtas na hÉireann, 1999), chun a bheith dílis don Mhata. Léiríonn an anailís go gcuirim deiseanna ar fáil do phróisis chognaíocha trí na tascanna praiticiúla ina mbeidh na foghlaimeoirí ag foghlaim ar bhealach gníomhach. Léiríonn sé gur thuig mé an tábhacht a bhaineann lena bheith dílis don foghlaim maidir leis an nGaeilge agus Mata trí úsáid a bhaint as modhanna measúnaithe. Maidir le cumarsáid, chuir mé béim ar theanga don foghlaim agus teanga na foghlama. Mar fhocal scoir, is gné lárnach de na pleananna ceachta FCÁT é an cultúr. Is léir dom go gcuirim deiseanna ar fáil chun meas a chothú ar an nGaeilge agus ar an Mata, feacht a fhorbairt orthu féin agus ar na daoine eile trí bheith páirteach i gcomhoibriú agus caidreamh sóisialta. De réir mo thorthaí, tá sé soiléir go bhfuil nasc idirpleách idir gach gné den chreat coincheapúil na 4C (Coyle 2007) (Féach: Léaráid 1). Scríobh mé sraith moltaí dom féin agus do mhúinteoirí eile chun FCÁT a chur i bhfeidhm go rathúil.

Mórhéamaí	Cad atá i gceist le gach gné den chreat coincheapúil, na 4C (Coyle, 2007)?	Miontéamaí	Cód
C Ábhar (Content)	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ag forbairt eolais, scoileanna agus tuiscint maidir leis an ábhar.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oiriúnacht an ábhair</li> <li>Róshimpliú an ábhair</li> </ul>	AO AR
C Cognaíocht (Cognition)	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bíonn foghlaim agus smaoineamh i gceist chun an t-ábhar a shealbhú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ag foghlaim ar bhealach gníomhach</li> <li>Measúnú ar an bhfoghlaim</li> </ul>	CogG CogM
C Cumarsáid (Communication)	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bíonn teanga na foghlama de dhíth i nith na foghlama agus bíonn an foghlaimeoir ag úsáid teanga don foghlaim chun foghlaim.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Teanga don Foghlaim</li> <li>Teanga na Foghlama</li> </ul>	CumDon CumNa
C Cultúr (Culture)	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ag forbairt tuiscint ar dhaoine eile agus orthu féin, chomh maith le meas a chothú ar chultúr (an Ghaeilge sa chás seo) agus meas a chothú ar an Mata.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Meas a chothú ar an nGaeilge</li> <li>Meas a chothú ar an Mata</li> <li>Comhoibriú</li> <li>Caidreamh sóisialta</li> </ul>	CulG CulM CulC CulS

Léaráid 1. Na mórhéamaí agus na miontéamaí a tháinig amach ó na sonraí.

## Conclúidí

Ba í aidhm an tionscadail ná an cheist taighde seo a fhreagairt: **Conas pleanáil a dhéanamh le FCÁT a chur i bhfeidhm ag baint úsáide as an nGaeilge mar mheán chun Mata a theagasc do rang a ceathair i scoil a mhúineann trí mheán an Bhéarla?** Bhí mé ag iarraidh mo chleachtas féin maidir le teagasc na Gaeilge sna scoileanna T2 a fheabhsú tríd an taighde seo. Rinne mé staidéar ar an litríocht atá bunaithe ar FCÁT agus rinne mé mionanailís ar na sonraí chun an cheist taighde a fhreagairt. Léiríonn an tsraith moltaí a scríobh mé gur fhreagair mé mo cheist taighde. Tá súil agam go gcabhróidh mo phleananna ceachta FCÁT agus an tsraith moltaí chun deiseanna fiúntacha a thabhairt do pháistí an Ghaeilge a shealbhú sna scoileanna T2 i mo ghairm mar mhúinteoir. Dar le Curaclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2019) is modh éifeachtach é FCÁT chun an teanga a úsáid i bhfíorchomhthéacsanna.

## Tagairtí

- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2019). *Curaclam Teanga na Bunscoile*.
- Coyle, D. (2007). Content and language integrated learning: Towards a connected research agenda for CLIL pedagogies. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*. 10 (05), 543-562
- McNiff, J. (2002). *Action research for professional development: Concise advice for new action researchers*. (An 3ú hEagrán.).
- Rialtas na hÉireann. (1999). *Curaclam Matamaitic na Bunscoile*.
- Rialtas na hÉireann. (2010). *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030*. Ar fáil ag <https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/an-straiteis-20-bliain-don-ghaeilge-2010-2030/>
- The Alberta Teachers Association. (2000). *Action Research Guide for Alberta Teachers*. Edmonton: Alberta.